

Nóta Faisnéise Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: cuntasacht phoiblí agus iniúchadh

Meán Fómhair 2020

Sa nóta faisnéise seo, tugtar forbheathnú ar an bpróiseas cuntasachta maidir le hairgead poiblí a chaitheamh agus gnó poiblí a sheoladh. Míníonn sé freagrachtaí na ndaoine cuntasacha maidir leis an bpróiseas cuntasachta, ról an iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an creat iniúchta.

Nóta faisnéise Oifig an Ard- Reachtair Cuntas agus Ciste: cuntasacht phoiblí agus iniúchadh IN₁

Meán Fómhair 2020

Tá ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí freagrach as gnó poiblí a sheoladh agus as airgead poiblí a chaitheamh. Tá siad cuntasach do Dáil Éireann agus trí Dáil Éireann don phobal as a chinntiú go seoltar an gnó seo de réir an dlí agus na gcaighdeán cuntasafóichta agus rialachais ceart agus go n-úsáidtear airgead poiblí go heacnamaíoch, go héifeachtúil agus go héifeachtach. Is é a bpríomhfhoinsí maoinithe airgead a vótálann Dáil Éireann nó trí thobhaigh reachtúla agus rialaítear a gcumhachtaí chun ioncam a chruinniú ar bhealaí eile trí reachtaíocht.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí neamhthráchtála a iniúchadh.

Ábhar Tagartha

Bunreacht na hÉireann

Achtanna an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste 1866 go
1998

Buan-Orduithe Dháil Éireann

Nósanna Imeachta
Airgeadais Poiblí arna
n-eisiúint ag an Aire
Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe

An Cód Cleachtais chun
Comhlachtaí Stáit a Rialú
arna eisiúint ag an Aire
Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe

Caighdeáin idirnáisiúnta
maidir le hiniúcháireacht
arna n-eisiúint ag an mBord
um Chaighdeáin

Iniúcháireachta agus

Dearbhaithe Idirnáisiúnta
agus arna bhfógairt
d'iniúcháirí náisiúnta ag

Eagraíocht Idirnáisiúnta na
nInstitiúidí Iniúcháireachta
Uachtaraí.

Tugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairim neamhspleách ar ráitis airgeadais na n-aonán sin agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh agus, nuair is iomchuí, tuairisc a thabhairt ar ghnéithe de na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag na haonáin chun a chinntiú go ndéantar a ngnóthaí airgeadais a sheoladh i gceart agus chun a bhfeidhmíocht agus a n-úsáid acmhainní a bhainistiú. Mar sin, is gné riachtanach i bpróiseas na cuntasachta a (h)iniúchadh agus cuireann sé go mór le maoirseacht airgid phoiblí.

De ghnáth bíonn na tréithe seo a leanas ag ráitis airgeadais a chuirtear le chéile sa rialtas láir

- ullmhaítear iad ar bhonn bliantúil
- cuirtear iad os comhair Dáil Éireann
- ar fáil don phobal i bhfoirm fhoilsithe.

I measc na ráiteas airgeadais a ullmhaíonn aonáin san earnáil phoiblí tá cistí a riartar tríd an Státchiste, cistí vótáilte, cistí roinne, ráitis airgeadais chomhlachtaí stáit neamhthráchtála, gníomhaireachtaí sláinte, institiúidí oideachais tríú leibhéal, boird oideachais agus oiliúna agus roinnt comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla.

An Coiste um Chuntais Phoiblí

Is é an Coiste um Chuntais Phoiblí (*PAC*) an comhlacht i nDáil Éireann a bhaineann go príomha le hobair an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste¹. Scrúdaíonn sé agus tuairiscíonn sé do Dháil Éireann

- ar gach ráiteas airgeadais arna iniúchadh ag an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste mar aon lena t(h)uarascálacha orthu
- ar thuarascálacha an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste ar scrúduithe luach ar airgead
- ar thuarascálacha eile a rinne an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá triúir Theachta Dála déag ar an gCoiste, agus ní fhéadfaidh aon duine acu a bheith ina bhall den Rialtas nó ina Aire Stáit. Tá an Cathaoirleach ina bhall den Fhreasúra.

Níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin ag an *PAC* agus is í an t-aon cumhacht atá aige ná moladh a thabhairt. Tá an Coiste i dteideal daoine, páipéir agus taifid a sheoladh agus tógann sé fianaise go príomha ó Oifigeach Cuntasaíochta na roinne atá faoi scrúdú nó ó dhuine cuntasach atá ainmnithe chun na críche sin i gcás aonán eile.

¹Bunaithe de réir Bhuan-Ordú 218 Dáil Éireann.

Ról na nOifigeach Cuntasaíochta agus na ndaoine cuntasacha

Feidhmítear cuntasacht i gcás ranna rialtais ag Oifigeach Cuntasaíochta arna ainmniú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le bheith freagrach as na Cuntas/Cuntais Leithreasa a ullmhú. De ghnáth, ceaptar ceann státseirbhíse na roinne nó na hoifige a riarann Vóta ina (h)Oifigeach Cuntasaíochta ar an mbonn nach bhfuil ach sé/sí amháin in ann cuntas a thabhairt ar an airgead go léir a chuirtear ar iontaobh na roinne.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta cuntasach as

- rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart
- tíos agus éifeachtúlacht na roinne maidir le húsáid a hacmhainní agus
- nósanna imeachta agus cleachtais na gcóras a úsáideann an roinn chun éifeachtacht na n-oibríochtaí a mheas.

Foráiltear le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 go bhféadfadh sé go n-iarrfaí ar Oifigeach Cuntasaíochta fianaise a thabhairt don PAC ar na hábhair seo.²

I ndoiciméad na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* leagtar amach freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le hullmhú an chuntais leithreasa a bhfuil sé nó sí freagrach as. Leagtar amach ann freisin na príomhfhreagrachtaí eile lena n-áirítear

- rialtacht agus cuibheas idirbhearta uile na roinne/na hoifige
- go leantar nósanna imeachta airgeadais cearta
- go ndéantar cistí poiblí a rialú i gceart, a bhainistiú go maith agus a chosaint agus
- go ndéantar sócmhainní a chosaint agus a rialú.

Tá freagrachtaí comhchosúla ag gabháil le daoine cuntasacha nó boird na n-aonán eile san earnáil phoiblí. Aithnítear iad seo go sainráite sa Ráiteas Freagrachtaí a foilsíodh sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Tá an fhreagracht ghinearálta ar bhainistíocht i ngach aonán san earnáil phoiblí rialuithe éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil chun calaois a chosc agus a chinntiú, nuair a tharlaíonn sí, go mbraitear í go pras.

² I gcás aonán eile, féadfar foráil a dhéanamh maidir le cuntasacht don Phríomhfheidhmeannach (nó a choibhéis) trí bhíthin bunreachtáíochta.

Tuairisciú airgeadais ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí neamhthráchtála san earnáil phoiblí

De ghnáth leagtar amach sa reachtaíocht freagracht na bainistíochta, nó na ndaoine úd atá freagrach as rialachas, as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Ní thugann iniúchadh na ráiteas airgeadais faoiseamh don bhainistíocht ná dóibh siúd atá freagrach as rialachas a gcuid freagrachtaí.

Féadfaidh an creat tuairiscithe airgeadais a bheith difriúil ó earnáil go hearnáil laistigh den rialtas láir mar seo a leanas

- Is cuntais airgeadbhunaithe iad Cuntais Leithreasa a ullmhaíonn ranna agus oifigí rialtais de réir an *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, ceanglais *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus treoracha eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Baineann cuntais chiste na Roinne le suimeanna airgid atá á rialú nó á mbainistiú ag Aire nó ag a roinn, nó dó/di, agus a dtugtar cuntas iontu ar leithligh ó chuntas leithreasa na roinne. De ghnáth is cuntais airgeadbhunaithe iad seo a ullmhaítear de réir reachtaíocht ar leith agus/nó i bhformáid a shonróidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- De ghnáth ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na ngníomhaireachtaí Stáit agus institiúidí oideachais tríú leibhéal de réir *FRS 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*. Cuireann roinnt gníomhaireachtaí Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (*IFRS*) i bhfeidhm mar atá glactha ag an Aontas Eorpach.
- Ráitis airgeadais arna n-ullmhú de réir creata arna shonrú ag Aire Rialtais, mar shampla na caighdeáin chuntasaíochta d'ospidéal dheonacha arna leagan síos ag an Aire Sláinte.
- Cuntais bunaithe ar airgead tirim do na Boird Oideachais agus Oiliúna a ullmhaítear san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Chomh maith le ráitis airgeadais a ullmhú, ceanglaítear ar aonáin san earnáil phoiblí na ráitis seo a leanas a ullmhú a ghabhann leis na ráitis airgeadais

- ranna rialtais agus cuntais chiste ranna móra — Ullmhaítear Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- aonáin eile — Ullmhaítear Ráiteas ar Rialú Inmheánach, Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Comhaltai Boird de réir an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Foráiltear le hAirteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann do Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus soláthraíonn reachtaíocht an t-údarás chun iniúchadh a dhéanamh ar gach aonán san earnáil phoiblí. Tar éis gach iniúchadh a chríochnú, tuairiscíonn an tArd Reachtair Cuntas agus Ciste a t(h)uairim maidir leis na ráitis airgeadais a chuirtear os comhair Thithe an Oireachtais ansin

An creat iniúchta

Díríonn iniúchadh airgeadais ar a chinneadh an gcuirtear faisnéis airgeadais aonáin i láthair de réir an chreata tuairiscithe airgeadais agus rialála is infheidhme. Go ginearálta, is é cuspóir iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is dearbhú ardleibhéil é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí, nuair a bhíonn siad ann, fiú nuair a dhéantar an t-iniúchadh de réir na gcaighdeán cuntasáíochta. Féadfaidh míráiteas teacht as calaois nó as earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha a ghlacann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-íomláine.

Tá caighdeáin agus treoirínte gairmiúla riachtanach do chreidiúnacht, do cháilíocht agus do ghairmiúlacht an iniúchta san earnáil phoiblí. I bhformhór na ndlínsí is ceist do cheannasaí na hoifige iniúchta na caighdeáin lena rialaítear seoladh an iniúchta poiblí. Roghnaigh an tArd Reachtair Cuntas agus Ciste caighdeáin idirnáisiúnta um Iniúchadh (*ISAnna*) agus caighdeáin rialaithe cáilíochta a ghlacadh mar bhunús lena chur chuige i leith iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais.

Eisíonn an Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Iniúcháireachta agus Dearbhaithe (*IAASB*) *ISAnna*. Ghlac agus d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúcháireachta Uachtaraí (*INTOSAI*)³ na *ISAnna* (dá ngairtear *ISSA/anna*) le húsáid ag an bpobal iniúchta seachtraigh rialtais ar fud an Domhain laistigh dá chreat d'fhógraí gairmiúla. Cuimsítear sa chreat iniúchadh airgeadais agus iniúchadh feidhmíochta araon.⁴

Chun críocha iniúchta airgeadais, áirítear sa chreat

- na *ISAnna* arna n-eisiúint ag an *IAASB* (ar fáil ó www.iaasb.org)
- *ISSAI* 130 – Cód Eitice (ar fáil ó www.issai.org)
- *ISSAI* 140 – Rialú Cáilíochta do *SA/anna*.

³ Is eagraíocht neamhrialtasach é *INTOSAI* a bhfuil stádas comhairleach speisialta aici le Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe agus a fheidhmíonn mar scáth-eagraíocht don phobal iniúchta seachtraigh rialtais.

⁴ Cuireann *INTOSAI* le forbairt *ISAnna* trína rannpháirtíocht i dTascfhórsaí *IAASB* atá freagrach as caighdeáin nua a fhorbairt nó as caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú. Tá 'próiseas cuí' *INTOSAI* maidir le forbairt, athbhreithniú agus tarraingt siar *ISSA/anna* leagtha amach ag www.issai.org.

Tá tuairisciú agus iniúchadh airgeadais dírithe sa deireadh ar chuntasacht phoiblí dhaonlathach a fheabhsú, trédhearcacht maidir le cuntas a thabhairt i gcistí poiblí, agus bainistíocht acmhainní poiblí a fheabhsú. Dá réir sin, féadfaidh raon feidhme na n-iniúchtaí airgeadais sa rialtas láir a bheith níos faide ná gnáthchuspóirí iniúchta ar ráitis airgeadais a ullmhaítear de réir creat tuairiscithe airgeadais chun coincheapa na rialtacha agus an chuibhis a áireamh.

Iniúchadh na Rialtacha

Tá iniúchadh ar ráitis airgeadais sa rialtas láir cosúil le raon feidhme agus nádúr an iniúchta ar chuideachtaí san earnáil phríobháideach. Tá níos mó béime, áfach, ar chomhlíonadh údaráis, ar a dtugtar rialtacht go coitianta. Léiríonn coincheap na rialtacha imní nár cheart airgead poiblí a úsáid ach chun na gcríoch sin arna gceadú ag Dáil Éireann agus de réir an údaráis dlí lena rialaítear iad, agus dá réir sin amháin. Dá bhrí sin, leathnaítear an rialtacht chun substaint na n-idirbheart agus teidlíocht fhaighteoirí cistí poiblí a chuimsiú.

Sainmhínítear rialtacht, mar a chuirtear i bhfeidhm é san iniúchadh ar chuntais leithreasa agus ar ráitis airgeadais na mbord oideachais agus oiliúna, in Acht 1993. Sna cásanna seo, caithfidh an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste é féin a shásamh i dtaobh an bhfuil

- na méideanna a caitheadh, curtha i bhfeidhm ag an aonán chun na gcríoch a beartaíodh
- na hidirbhearta a thaifeadtar sa chuntas ar aon dul leis an údarás faoina n-airbheartaítear gur cuireadh i gcrích iad.

Ar chríochnú an iniúchta, ní mór don Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste tagairt a dhéanamh sa tuarascáil iniúchta d'aon chás ábhartha inar mhainnigh an t-aonán cloí leis an gcreat rialtacha. Mar phrionsabal, cuirtear coincheap na rialtacha i bhfeidhm freisin san iniúchadh ar gach aonán eile san earnáil phoiblí atá faoi shainchúram iniúchta an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste.⁵

An Coincheap maidir le Cuibheas

Baineann cuibheas leis an mbealach a sheoltar gnó poiblí lena n-áirítear aon choinbhinsiúin a comhaontaíodh le Dáil Éireann (agus an PAC go háirithe), agus le haon treoir a eisítear maidir le rialachas agus eitic. Cé go mbaineann rialtacht le comhlíonadh na n-údarás iomchuí, téann cuibheas níos leithne ná seo agus leathnaítear é le caighdeáin iompair, iompraíochta agus rialachais chorparáidigh a chuimsiú. Baineann sé le cothroime agus ionracas lena n-áirítear brabús pearsanta ó ghnó poiblí a sheachaint, cothrom na féinne i gceapadh foirne, iomaíocht oscailte i ndámhachtain conarthaí agus caifeachas agus ainmheasarthacht a sheachaint.

⁵ Tá tuilleadh teorach faoi iniúchadh rialtacha ar fáil ar an suíomh gréasáin seo.

Cé nach bhfuil tábhacht níos lú leis ná rialtacht, níl sé chomh héasca céanna an cuibheas a fhíorú go hoibiachtúil agus ní chlúdaítear go sainráite í sa tuairim ar ráitis airgeadais. Táthar ag súil le fada go dtabharfaidh an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste aird ar ábhair chuibhis agus an t-iniúchadh á sheoladh. Cumasaítear dá bharr sin teipeanna suntasacha ó thaobh an chuibhis de, a sainaithníodh mar chuid den iniúchadh airgeadais, a thuairisciú go poiblí i dtuarascáil an iniúcháora.

Níl aon chód nó treoir dheifnídeach ann a fhéadfaidh na gníomhaíochtaí agus na hiompraíochtaí go léir a sháróidh caighdeáin an chuibhis a ghabháil. De réir mar a d'fhorbair agus a tháinig cóid rialachais chun bheith níos cuimsithí, d'fhreagair siad do go leor de na rioscaí cuibhis atá roimh eagraíochtaí agus leag siad amach cleachtais chaighdeánacha atá deartha chun seoladh ceart gnó poiblí a chinntiú. Agus na bearta a dhéanann an bhainistíocht chun cuibheas a chur chun cinn á mbreithniú, tugann an t-iniúcháir aird ar an gcleachtas a mheastar a bheith ina chleachtas a nglactar leis go ginearálta sa rialtas láir.

Freagrachtaí maidir le rialú inmheánach, calaois agus réimsí eile

Ceanglaítear ar an iniúcháir faoi na /SAanna breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus amhras gairmiúil a choinneáil ar feadh an iniúchta. Is éard atá in amhras gairmiúil ná dearcadh a chuimsíonn intinn cheisteach, a bheith san airdeall ar feadh an iniúchta maidir le míráitis fhéideartha, agus fianaise a mheasúnú go criticiúil.

Mar chuid den phróiseas iniúchta, déanann an t-iniúcháir

- rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid é
- nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú
- fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a sholáthar don tuairim iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Faigheann an t-iniúcháir tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Is ar an aonán atá an phríomhfhreagracht as calaois a chosc agus a bhrath. Tá sé tábhachtach go leagann an bhainistíocht agus iad siúd atá freagrach as rialachas béim láidir ar bhearta um chosc agus um dhíspreagadh calaoise, lena n-áirítear tiomantas do chultúr macántachta agus iompair eiticiúil a chruthú. Tá an t-iniúcháir freagrach as dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Tá an baol níos airde nach mbraithfí míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois ná mar a bhraithfí míráiteas ábhartha mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh thoiliúla, míléirithe, nó sáru ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

Déanann an t-iniúcháir meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntaisíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntaisíochta agus na nochtaí gaolmhara.

Tagann an t-iniúcháir chun conclúide maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Choimisiúin leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach a chur faoi amhras mór. Má chinneann an t-iniúcháir go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear air/uirthe faoi na /SAanna aird a tharraingt sa tuarascáil iniúchta ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtaí sin leordhóthanach, an tuairim iniúchta a mhodhnú. Tá conclúidí an iniúcháir bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an aonán éirí as mar ghnóthas leantach.

Nuair a ullmhaítear ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta, déanann an t-iniúcháir meastóireacht ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach lena mbaintear láithriú cóir amach.

Torthaí na gníomhaíochta iniúchta a thuairisciú

Tuairiscítear torthaí na gníomhaíochta iniúchta ar gach cuntas do Dháil Éireann trí dheimhnithe nó tuarascálacha a thugann tuairim iniúchta de ghnáth i bhfoirm a fhorordaítear le dlí agus/nó le caighdeáin iniúchta.

Ar fud an rialtais láir, tá tuairim iniúchta 'fíor agus cothrom' san áireamh i bhformhór na ráiteas airgeadais. Mar sin féin, tá cásanna ann ina n-éilíonn an creat iniúchta tuairim an gcuirtear idirbhearta nó iarmhéideanna an aonáin i láthair go cóir nó i gceart sna ráitis airgeadais. Cibé foclaíocht a úsáidtear le haghaidh thuairim an iniúchta ní bheidh aon tionchar aige seo ar a mhéid a chomhlíontar ceanglais na gcaighdeán iniúchta

Cuimsíonn an tuarascáil iniúchta tuairimí agus conclúidí ar ábhair eile lena n-áirítear

- Faisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais
- Rialtacht a thuairiscítear ar bhonn 'de réir eisceachta' (cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialtachta)
- Tuairisciú ar ábhair eile amhail an bealach a sheoltar gnó poiblí agus taifid tacaíochta.

Mínítear sa tuarascáil iniúchta freisin fairsinge fhreagrachtaí an iniúcháir agus a ábhartha is atá réimsí eile cosúil le rialuithe inmheánacha agus gnóthas leantach maidir leis an iniúchadh.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

I dtuairim an iniúchta ar na ráitis airgeadais, ní chuimsítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin agus, ní chuireann an t-iniúcháir in iúl aon chineál conclúide dearbhaite air sin. Féadfaidh an ráiteas ar rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais (i gcás comhlachtaí Stáit neamhthráchtála) a bheith san áireamh san fhaisnéis eile seo.

I dtaca leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear ar an iniúchóir faoi na /SAanna an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh aige/aici, breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas san iniúchadh, nó más cosúil ar shlí eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneadh, go gcinneann an t-iniúchóir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist leis an bhfaisnéis eile seo, caithfear an fhíríc sin a thuairisciú sa tuarascáil iniúchta ansin.

Tuairisciú ar rialtacht agus ar nithe eile

Féachann an t-iniúchóir le fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta freisin agus tuairiscíonn i gcás ina sainaithnítear aon chásanna ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a beartaíodh nó i gcás nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis lena rialaítear iad.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Má shainaithnítear ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí, tuairiscítear iad sin ansin. Mar shampla, féadfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ábhair imní a eascróidh as an iniúchadh a thuairisciú amhail caiteachas neamhéifeachtach, riarachán airgeadais neamhleor, laigí i gcórais agus rialuithe, nó saincheistean a bhaineann le seoladh gnó poiblí. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil saincheist chomh suntasach le tuairisciú go poiblí, tugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aird ní amháin ar an tsuim airgid atá i gceist ach freisin ar a nádúr nó ar an gcomhthéacs ina dtagann sé chun cinn. D'fhéadfadh ábhar a bheith suntasach i gcás go mbaineann sé le leas an phobail, cuntasacht phoiblí, cuibheas nó maoirseacht éifeachtach reachtóireachta a chinntiú.

Tuairiscíonn an t-iniúchóir freisin trí eisceacht más rud é, dar leis/léi

- nach bhfuarthas an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn don iniúchadh, nó
- nach bhfuil na taifid chuntasaíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.